# Freagairt d'ábhair chomhphlé, topaicí agus ceisteanna dúshlánacha

## Réamhrá

Is éard is aidhm leis an ábhar seo ná tacú le múinteoirí agus iad ag freagairt d'ábhar comhphlé, topaicí agus ceisteanna dúshlánacha in OSPS/OCG. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Straitéisí chun freagairt do cheisteanna in OSPS/OCG
- Na cúiseanna taobh thiar de na ceisteanna a thuiscint
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?[1]
- Léitheoireacht bhreise.

**Soláthraíonn an curaclam OSPS comhthéacs tábhachtach le haghaidh scileanna teanga páistí agus an stór focal atá acu a bhaineann le caidrimh agus gnéasacht (SFGM, 2018, lch 16). Trí thimpeallacht dhearfach sa scoil, comhtháthú agus teagasc discréideach, forbraíonn páistí feasacht ar chumhacht agus ar thionchar teanga. D'fhéadfadh sé go spreagfadh roinnt topaicí ceisteanna agus ábhair chomhphlé dhúshlánacha agus cruthaíonn siad sin deiseanna foghlama.**

Agus tú ag éascú comhphlé in OSPS/OCG, beidh tú meabhrach ar cé acu topaicí atá íogair duitse agus do na páistí a theagascann tú, agus ar an tionchar a d'imir do chúlra féin, do thaithí, do chultúr, do chreideamh féin, an oiliúint múinteora a fuair tú agus cultúr do scoile féin ar do chuid dearcthaí ar cheisteanna. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh straitéisí nó treoir le sonrú i bpolasaí OSPS/OCG na scoile agat a bhféadann tú do chur chuige i leith theagasc an OSPS/OCG a ailíniú leo.

## Straitéisí chun freagairt do cheisteanna in OSPS/OCG

**Déan do chuid freagairtí a dhíphearsantú:** Nuair a chuireann páistí ceisteanna dúshlánacha, is féidir glacadh le teicnící frámaithe chun do chuid freagraí a dhíphearsantú, amhail *Léigh mé go/Chonaic mé sa nuacht/dar leis an taighde…* Trí fhreagraí a fhrámú ar an dóigh sin, is féidir comhphlé a oscailt leis na páistí.

**Cuir ceisteanna siar nó tar ar ais chucu:** D'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann nuair a bheifeá ag iarraidh ceisteanna nach féidir a fhreagairt ar an toirt a chur siar nó teacht ar ais chucu. Is féidir gur cur chuige úsáideach é seo a thabharfadh am duit le taighde a dhéanamh nó le labhairt le comhghleacaí eile ag a mbeadh níos mó taithí agus ansin teacht ar ais le freagra, más iomchuí.

**Cuir béim ar fhreagrachtaí an tseomra ranga:** Agus topaic a d'fhéadfadh a bheith íogair á cur i láthair an ranga, is féidir na freagrachtaí comhaontaithe seomra ranga maidir le héisteacht, freagairt agus cur ceisteanna a chur i gcuimhne do na páistí, agus go bhféadfadh sé go gcuirfeadh sé isteach ar dhaoine nó náire ar dhaoine nó orthu féin má deirtear rudaí pearsanta nó gan smaoineamh. Trí gach rang OSPS/OCG a thosú le meabhrúchán ar na freagrachtaí comhroinnte sin, is féidir cuidiú le daoine aird a dhíriú ar an bhfoghlaim atá beartaithe.

**Meas ar cheisteanna:** Is féidir go n-eascródh réimse ceisteanna as comhphlé le linn OSPS/OCG. Cé go bhféadfadh éagsúlacht de chúiseanna a bheith taobh thiar de na ceisteanna seo, is féidir a chinntiú go mbíonn meas ag na páistí agus ag na daoine fásta sa seomra ar na ceisteanna trí bheith dearfach agus freagraí éifeachtacha a thabhairt orthu, rud a chothaíonn spás sábháilte inar féidir le páistí ceisteanna a chur.

**Bí meabhrach ar an gcuraclam:** D'fhéadfadh sé, uaireanta, nach mbeifeá in ann ceist áirithe a fhreagairt mar go mbaineann sí le foghlaim do ranganna níos sine agus nach mbeadh sí oiriúnach don aoisghrúpa, is féidir an cheist a aithint, áfach, agus freagairt go hiomchuí di.

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Freagairt d'ábhair chomhphlé, topaicí agus ceisteanna dúshlánacha

### Machnamh an mhúinteora

- Ag meabhrú ar an taithí atá agat féin ar OSPS/OCG a theagasc, cad é an straitéis is éifeachtaí, dar leat, le plé le ceisteanna agus ábhair chomhphlé dhúshlánacha?

### Forléargas an mhúinteora

*Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de bheith ag bainistiú comhráite, dar liom, tá breathnú agus a bheith meabhrach ar an gcaoi a bhfreagraím féin do thopaicí, ceisteanna agus úsáid teanga. Ní raibh mé i gcónaí feasach orthu sin agus nuair a thosaigh mé ag teagasc, seans go mbíodh claonadh agam deifriú le mo chuid freagairtí nó nár fhreagair mé go maith do rudaí. Ba mhinic a dheifrigh mé trí na comhráite nó go raibh sé le feiceáil go soiléir go raibh mé á seachaint agus léirigh sé sin cuid mhór do na páistí. Agus mé feasach air seo, áfach, agus ag iarraidh dul i ngleic leis le meon níos oscailte tomhaiste, bhí mé in ann freagairt ar shlí níos dearfaí agus am a thógáil le dul i mbun comhrá agus ceisteanna a chíoradh. Gné eile ná a bheith in ann oiriúnú agus ceisteanna faoi OCG a phlé nuair a thagann siad aníos, go fiú más ceisteanna neamhphleanáilte iad. De réir mar a mhéadaigh mo thaithí agus mo mhuinín, féadaimse naisc a aithint agus iad a dhéanamh trí ghnáth-chomhráite gach lá sa rang ar bhealach neamhphearsanta oiriúnach. Ba ghnách liom comhráite faoi cheisteanna íogaire a chur ar athló go dtí an tréimhse den bhliain nuair a bheadh na ceachtanna beartaithe, ach anois déanaim iarracht gach deis a thapú de réir mar a thagann sí chun cinn agus dá thoradh sin, is comhráite leanúnacha iad seo anois.*

## Frásaí úsáideacha chun ceisteanna/comhphlé dúshlánach a éascú

### Eochairphointí a athfhrámú, béim a leagan orthu nó díriú isteach orthu

- *Thug mé faoi deara go raibh go leor agaibh…*
- *Cluinim cuid agaibh ag rá…*
- *Cluinim an méid atá tú a rá…*
- *Is mór liom d'ionracas.*
- *An bhféadfá rud beag níos mó a rá faoi sin?*
- *Roinn do chuid smaointe liom faoi…*
- *An bhfuil smaointe ag aon duine eile?*
- *An bhfuil tuairim dhifriúil ag aon duine faoi… (m.sh. má deirtear rud atá diúltach/nach cuidiú é agus le cothromaíocht a fháil)*
- *An féidir leat smaoineamh ar chás ina mbeadh barúil/freagra eile agat? (tugann sé seo isteach smaointeoireacht sholúbtha)*
- *Cén chaoi a ndéanfadh duine ar comhaois leatsa…? (baineann an fócas den duine agus fágann nach mothaíonn sé oscailte nó gan chosaint)*
- *Cad atá ar eolas againn faoi seo cheana féin?*
- *An bhféadfá sampla a thabhairt dom?*
- *Cé acu atá tú a rá, …nó…?*
- *An bhféadfá é sin a rá ar dhóigh eile, le do thoil?*

### Soiléiriú a fháil ó pháistí

- *Tá mé fiosrach faoi…*
- *Tuigim gurb é sin an taithí atá agat agus tá mé ag smaoineamh liom féin, an mbeadh míniú eile ar an scéal?*
- *Ní mé, cad a bheadh an duine eile a smaoineamh?*
- *Cén chuma a bheadh air sin?*

### Réamhthuairimí a cheistiú

- *Déarfainn nár mhiste breathnú níos grinne ar an gceist sin.*
- *Cad iad na hiarmhairtí a thiocfadh leis an réamhthuairim sin?*
- *Cén fáth ar chuir tú an cheist sin?*
- *Cén fáth, dar leat, ar chuir mé an cheist sin?*

### Ceisteanna a fhéachann le dearcadh nó tuairim a thuiscint

- *Mínigh cén fáth/cén chaoi…?*
- *Cén fhianaise atá ann le tacú leis an méid atá tú a rá?*
- *An bhfuil údar ar bith agat leis an argóint sin a dhéanamh?*
- *Dóigh eile le bheith ag breathnú air seo ná…, an mbeadh sé sin réasúnach dar leat?*
- *Cén fáth a ndeir tú sin?*
- *Cad go díreach a chiallaíonn sé sin?*
- *Conas a bhaineann sé sin leis an méid a raibh muid ag caint air?*



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Freagairt d'ábhair chomhphlé, topaicí agus ceisteanna dúshlánacha

## Na cúiseanna taobh thiar de na ceisteanna a thuiscint

Is féidir cúiseanna éagsúla a bheith le ceisteanna agus ráitis a dhéanann páistí in OSPS/OCG. Den chuid is mó, cuirfidh páistí ceisteanna atá bunaithe ar a bhfiosracht nádúrtha faoi na hathruithe mothúchánacha agus fisiceacha a tharlaíonn agus iad ag fás aníos, nó atá bunaithe ar inneachar an churaclaim agus an méid atá á theagasc. D'fhéadfadh sé, áfach, go gcuirfeadh roinnt páistí ceisteanna a bheadh ceaptha, mar shampla, le stangadh a bhaint as daoine agus go n-úsáidfidís teanga mhíchuí nó neamhfhoirmeálta; ceisteanna a bheadh pearsanta duit féin, dóibh féin nó do dhaoine eile. Trí na cúiseanna nó an spreagadh a bheadh ag páistí le ceist áirithe a chur a shainaithint, cuidíonn sé leat freagairt go héifeachtach di. Seo a leanas samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfeadh páistí:

**Ceisteanna 'An bhfuil mé cosúil le daoine eile?':** Is minic a bhaineann na ceisteanna seo le buarthaí i dtaca le hathruithe mothúchánacha agus fisiceacha a bhíonn ag titim amach sna páistí i do rang. Is féidir iad a chur ar a suaimhneas trína rá, mar shampla, bíonn a lán daoine buartha go... agus ansin eolas a thabhairt faoin méid a bhféadann siad a bheith ag súil leis le linn na tréimhse seo ina saol. B'fhéidir go bhfaighfeá amach gur leor freagra simplí, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le teagasc breise ar an gceist nó an topaic a tháinig aníos.

**Ceisteanna bunaithe ar eolas:** Tiocfaidh go leor ceisteanna mar fhreagairt ar fhoghlaim a bheadh pleanáilte agat mar chuid de theagasc OSPS/OCG, agus is féidir plé go díreach leo i gcomhthéacs an chomhphlé.


**Ceisteanna ar mhaithe le stangadh:** Is féidir go gcuirfí na ceisteanna seo d'aon turas chun duine a náiriú, nó le cur isteach ar an gcomhphlé. Is féidir freisin go mbeadh caint neamhfhoirmeálta nó nithe sna ceisteanna nach mbeadh oiriúnach d'aois agus do leibhéal ranga na bpáistí. Dá dtiocfadh ann dá leithéid de cheisteanna, d'fhéadfá freagairt ach gan plé go díreach leis an gceist, nó athfhriotal a chur ar an gceist leis an téarmaíocht cheart agus í a cheangal ar ais den chur chuige foriomlán atá agat i leith úsáid teanga in OSPS/OCG. Is féidir freagrachtaí comhroinnte an tseomra ranga a chur i gcuimhne don rang le haghaidh na gcomhráite seo, agus d'fhéadfá cloí le do chur chuige féin i dtaca le bainistiú iompraíochta má leantar de na ceisteanna arb é is aidhm leo cur isteach ar an gcomhphlé.

**Ceisteanna chun naisc a dhéanamh:** Is minic a éiríonn le páistí nasc a dhéanamh idir réimse foghlama agus taithí eile a bhíonn acu ar thopaicí agus ceisteanna a bhaineann le OSPS/OCG. Tugann na ceisteanna seo deis dúinn béim a chur ar nádúr comhtháite OSPS/OCG i saol na bpáistí.

**Ceisteanna pearsanta:** Is féidir na ceisteanna seo a bheith dírithe ortsa, ar pháistí eile nó orthu féin. Is féidir a bheith cúramach agus do bhreithiúnas féin a úsáid maidir le cé acu ba chuí nó ba mhíchuí ceisteanna fút féin a fhreagairt. D'fhéadfadh sé, áfach, gurbh é an cur chuige ba thacúla do na páistí sa rang agat, ná na gnéithe pearsanta a fhágáil ar leataobh agus plé leis an ngné fhaisnéiseach den cheist.

**Ceisteanna bunaithe ar luachanna:** Cuireann páistí ceisteanna corruair atá frámaithe lena gcuid luachanna féin, le luachanna a bpiarghrúpa nó le luachanna a bhaineann leis an timpeallacht bhaile acu. Cur chuige simplí amháin i leith ceisteanna bunaithe ar luachanna is ea aitheantas a thabhairt don pháiste a chuir an cheist, an chuid den cheist atá bunaithe ar luachanna a shainaithint agus, más cuí, plé léi i gcomhthéacs spiorad saintréitheach na scoile, nó an fíorspreagadh taobh thiar den cheist a scaradh agus an freagra a bhunú níos mó ar fhíricí. Is féidir roinnt ceisteanna luach-bhunaithe a chur faoi bhráid theaghlach an pháiste sa bhaile.

### Machnamh an mhúinteora



- Ag meabhrú ar na cineálacha ceisteanna a bheadh curtha ag páistí i do rang, cé na cineálacha ceisteanna is mó a mbíonn tú compordach iad a fhreagairt agus cé na straitéisí a thacaigh leat le do fhreagairt?
- Ag breithniú ar chuid de na ceisteanna a chuir páistí i do rang, cé na spreagthaigh a bhí taobh thiar de na ceisteanna sin agus cén cur chuige ar ghlac tú leis i do fhreagairt?



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Freagairt d'ábhair chomhphlé, topaicí agus ceisteanna dúshlánacha

## An chéad chéim eile?

### Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?

**Foghlaim sa bhaile:** Is féidir, trí ábhair agus eolais a chomhroinnt, tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun leanúint de chomhráite nó ceisteanna a fhreagairt a bheadh bunaithe ar na topaicí nó na saincheisteanna. D'fhéadfá roinnt de na leideanna a chur ar fáil lena chur ar chumas tuismitheoirí/caomhnóirí tacú leis na comhráite seo.

**Cumarsáid:** D'fhéadfadh sé gur fiú smaoineamh ar cheardlann faisnéise a eagrú do thuismitheoirí/caomhnóirí le plé a dhéanamh ar na cuir chuige, na hacmhainní agus na modheolaíochtaí a thacaíonn le topaicí agus ceisteanna a thagann aníos in OSPS/OCG.

**Acmhainní le roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí:** Soláthraíonn an tacar acmhainní ar líne do OSPS/OCG acmhainní is féidir a roinnt le tuismitheoirí ag gach leibhéal ranga. Acmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

### Léitheoireacht Bhreise

**Tacar Acmhainní ar líne OSPS/OCG:** Comhlánaíonn na hábhair a leanas na straitéisí agus na cuir chuige atá leagtha amach san ábhar tacaíochta seo.
- Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú
- Dálaí a chruthú le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga

**Acmhainní breise maidir le ceisteanna conspóideacha a theagasc:** Soláthraíonn na hacmhainní a leanas faisnéis le tacú le do thuiscint ar an dóigh le tabhairt faoi cheisteanna agus topaicí dúshlánacha.
- Tackling Controversial Issues in the Citizenship Classroom
- Teaching Controversial Issues

**Teanga:** In amanna, baineann comhráite agus topaicí dúshlánacha le húsáid éifeachtach teanga. Is féidir go gcuideodh na hacmhainní teagaisc a leanas leat i dtaca le húsáid teanga in OSPS/OCG.
Téarmaíocht BeLongTo LADT

### Tagairtí

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). 2018. *Social Personal and Health Education Teacher Guidelines*. Ar fáil ag **https://www.pdst.ie/sites/default/files/updated%20RSE%20Policy%20Guide%202.12.2018.pdf**